



An Roinn Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Trade and Employment

Toradh an Athbhreithnithe ar na Liostaí Gairmeacha do Cheadanna Fostaíochta

Nollaig 2023

Clár ábhair

Clár ábhair	2
1. Réamhrá	3
2. Comhthéacs Faoi Láthair	5
3. Modheolaíocht	7
Comhairliúchán Poiblí	7
Raon Feidhme	7
Scrúdú ar aighneachtaí	7
Bailíochtú	8
Foghrúpa GIR	8
Cruinniú Beartais an Ghrúpa Idir-Rannach um Imirce Eacnamaíoch	8
Tuarascáil Deiridh	8
4. Moltaí na Tuarascála	10
4.2 Achoimre ar Choigeartuithe Molta ar na Liostaí Slite Beatha	10
4.3 Athbhreithniú ar Chuótaí Reatha agus ídithe	12
4.4 Athbhreithniú ar Thairseacha Íosta Luach Saothair	12
Iarscríbhinn 1 Achoimre ar Athruithe Molta ar na Liostaí Slite Beatha	15
Iarscríbhinn 2 Cuóta Forálacha maidir le ról a bhaint de LSBNI	17
Iarscríbhinn 3 An Próiseas Athbhreithnithe ar Cheadanna Fostaíochta	19
Iarscríbhinn 4 Aighnitheoirí Comhairliúcháin Phoiblí	21
Iarscríbhinn 5 Ballraíocht GIR	25

1. Réamhrá

Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil seo ar an bpróiseas agus ar thoradh athbhreithniú 2023 ar na liostaí gairmeacha le haghaidh ceadanna fostaíochta agus áirítear ann roinnt athruithe ar na liostaí sin mar a mhol an Grúpa Idir-Rannach ar an Imirce Eacnamaíoch (GIR).

Sheol an tAire Stáit do Ghnó, Fostaíochta agus Miondíol, Neale Richmond T.D., an comhairliúchán poiblí ar an athbhreithniú ar na liostaí gairmeacha an 26 Meitheamh 2023. Chuir sé seo tréimhse ocht seachtaine ar fáil d'ionadaithe earnála agus d'fhostóirí chun aighneachtaí a dhéanamh bunaithe ar fhianaise ag lorg athruithe ar liostaí na ngairmeacha beatha incháilithe. Tháinig deireadh leis an gcomhairliúchán Dé hAoine 18 Lúnasa.

Fuair an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) 112 aighneacht ar leith ó raon páirtithe leasmhara lena n-áirítear aonáin bheaga agus mheánmhéide, ranna rialtais agus úsáideoirí ceadúnais fostaíochta. Clúdaíonn siad líon leathan gairmeacha thar raon leathan earnálacha den gheilleagar, agus iad miondealaithe mar seo a leanas:

- Talmhaíocht/Bia
- Ealaíona/Cultúr
- Carthanas
- Cúram Leanáí
- Cumarsáid/Fuinneamh
- Tógáil
- Míchumas
- Airgeadas
- Foraoiseacht
- Sláinte
- TFC
- Miondíol/Díolachán
- Turasóireacht/Fáilteachas;
- Iompar

Rinneadh an t-athbhreithniú deireanach ar na liostaí gairmeacha i samhradh 2021. Fuarthas naoi n-aighneacht is fiche bunaithe ar fhianaise, arbh ionann é agus meánlíon freagraí. Léiríonn líon i bhfad níos airde na n-aighneachtaí a fuarthas i gcomhairliúchán 2023 comhthéacs eacnamaíoch an athbhreithnithe seo, go háirithe an margadh saothair rite, an ráta dífhostaíochta íseal, agus an iomaíocht agus an t-éileamh méadaitheach ar bhaill foirne atá á bhfulaingt thar go leor earnálacha. Tuairiscítear ganntanais shuntasacha saothair agus scileanna ar fud an gheilleagair, in ainneoin iarrachtaí chun scileanna a fhorbairt laistigh den Stát agus earcú sa bhaile agus ó mhargadh saothair an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE).

Roinneadh na haighneachtaí go léir a fuarthas le haghaidh tuairimí leis na príomhranna Rialtais ábhartha e.g., Sláinte, Tithíocht, Talmhaíocht agus Iompar chomh maith le comhghleacaithe in Aonad um Margadh Saothair agus Scileanna de chuid RFTF, (AMSS), SOLAS agus an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS). Ar an 12 Deireadh Fómhair, roimh chruinniú an GIR, tionóladh foghrúpa a chuimsigh oifigigh RFTF, SOLAS, agus ionadaithe ón RCS. Ba é ról an fhoghrúpa ná léargais a sholáthar óna réimsí saineolais faoi seach, breathnú ar thuairimí ó ranna ceannais agus scrúdú a dhéanamh ar na haighneachtaí atá bunaithe ar fhianaise. Tionóladh cruinniú den GIR iomlán ar an 26 lá.

[An Grúpa Idir-Rannach ar Bheartas Imirce Eacnamaíoch](#)

Breathnaítear ar thuairimí na ranna beartais ábhartha agus an GIR ar Bheartas Imirce Eacnamaíochta a bhfuil RFTF mar chathaoirleach air. Ceapadh an GIR seo chun maoirsiú a dhéanamh ar mholtaí maidir le hathruithe ar incháilitheacht gairmeacha do cheadanna

fostaíochta agus tugadh isteach é den chéad uair chun páirt a ghlacadh sa phróiseas seo in Athbhreithniú 2018 ar Bheartas Imirce Eacnamaíoch¹.

Is é ról an Ghrúpa seo ná comhoibriú a chumasú idir an Roinn seo agus ranna rialtais eile agus éascú a dhéanamh ar chur chuige comhtháite chun dul i ngleic le ganntanas saothair agus scileanna san fhadtéarma, agus, nuair is léir go bhfuil fianaise ar ghanntanas, córas ceadanna fostaíochta a sholáthar atá solúbtha agus lúfar go leor chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus ar bhrúnna i bhfíor-am.

Moladh in Athbhreithniú 2018 ar Bheartas Imirce Eacnamaíoch gur cheart do ranna rialtais ábhartha a bheith chun tosaigh, i gcomhar leis na hearnálacha ábhartha, chun cás bunaithe ar fhianaise a dhéanamh ar athruithe ar na liostaí gairmeacha le haghaidh cead fostaíochta, agus i gcomhar leis an GIR ar Bheartas Imirce Eacnamaíoch, breithníodh na cásanna sin agus an fhianaise a bhí ar fáil agus na moltaí á n-ullmhú le faomhadh an Aire.

Is é cuspóir an chleachtaidh seo na Liostaí Slite Beatha a thabhairt cothrom le dáta ar bhealach inbhuanaithe a thugann aird ar na seacht dtreoirphrionsabal atá leagtha amach in Athbhreithniú ar an mBeartas um Imirce Eacnamaíoch 2018:

Prionsabal 1: Tosaíocht LEE

Prionsabal 2: Freagrúlacht an Mhargaidh Saothair

Prionsabal 3: Ganntanas Scileanna

Prionsabal 4: Cur Chuige Cothrom i leith na Nuálaíochta agus an Mhargaidh Saothair

Prionsabal 5: Glan-ranníocóir

Prionsabal 6: Cearta Fostaíochta

Prionsabal 7: Creat agus Próiseas Reachtaíochta


Cuimsíonn na moltaí deiridh mar a shonraítear in [Iarscríbhinn 1](#) ról a chur leis an liosta gairmeacha scileanna rithábhachtacha agus ról a bhaint den liosta gairmeacha neamh-incháilithe (le cuóta nó gan chuóta) chun bheith incháilithe do chead fostaíochta ginearálta. Tá na moltaí seo agus forbheathnú ar an bpróiseas breithnithe leagtha amach thíos.

¹ <https://enterprise.gov.ie/en/publications/review-of-economic-migration-policy.html>

2. Comhthéacs Faoi Láthair

In ainneoin athruithe suntasacha ar mhargadh saothair na hÉireann ó Brexit, ón phaindéim COVID-19 agus ón gcogadh san Úcráin, léirigh geilleagar na hÉireann athléimneacht shuntasach in aghaidh na dturraingí seo, ag baint amach ceann de na rátaí fáis is airde sa limistéar euro in 2021-22. Le tacaíochtaí an rialtais, mar atá leagtha amach sa Phlean Téarnaimh Eacnamaíochta, Tithíocht do Chách agus sa Phlean Forbartha Náisiúnta Athnuaite 2021-2030, tá an geilleagar tar éis teacht ar ais go láidir. Faoi Bhuiséad 2024, cuireadh bearta costais mhaireachtála de €2.7 billiún agus €250 milliún ar fáil don chlár caipitil poiblí freisin. Mar sin féin, tá teorainneacha acmhainne ann i gcónaí, go háirithe sna margaí tithíochta agus saothair, sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma.

D'fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh Eisiúint Míosúil Dífhostaíochta do Dheireadh Fómhair 2023 agus bhí an ráta dífhostaíochta coigeartaithe de réir séasúir (do gach duine 15-74 bliana d'aois) ag 4.8%, méadú ó 4.7% a taifeadh i Meán Fómhair 2023 agus méadú ó 4.5% i mí Dheireadh Fómhair 2022. Ba é an líon daoine dífhostaithe a coigeartaíodh go séasúrach ná 132,800 i gcomparáid le 130,100 i Meán Fómhair 2023. Bhí méadú 13,300 duine dífhostaithe i mí Dheireadh Fómhair 2023 i gcomparáid le bliain roimhe sin.



De réir Mheastacháin Daonra agus Imirce na Príomh-Oifige Staidrimh (POS) a chlúdaíonn an tréimhse ó Aibreán 2022 go hAibreán 2023², measadh gur 141,600 líon na n-imirceach go hÉirinn, agus measadh gur 64,000 líon na n-imirceach a bhí ann. Thug na sreafaí comhcheangailte seo glanimirce dhearfach (níos mó daoine ná mar a d'fhág), de 77,600 sa

² [Príomhthorthaí - POS - an Phríomh-Oifig Staidrimh](#) foilsithe an 25 Meán Fómhair 2023.

bhliain go dtí Aibreán 2023, i gcomparáid le 51,700 an bhliain roimhe sin. Bhí an líon seo comhdhéanta de 29,600 saoránach Éireannach a fhillteann abhaile, 26,100 saoránach eile den AE, 4,800 saoránach ón RA, agus 81,100 saoránach eile, a bhformhór ón Úcráin. Meastar anois gur daonra 5,281,600 an Stáit, méadú 97,600 ar an bhfigiúr a taifeadh sa bhliain 2022, arb ionann é sin agus méadú beagnach 2 faoin gcéad in aon bhliain amháin.

Tá méadú comhuaineach ar líon na n-iarratas ar chead fostaíochta a fuarthas ó mhí na Bealtaine 2021, agus fuarthas 27,000 iarratas in 2021, méadú go 32,634 in 2022. In ainneoin an choir chun donais shealadach san earnáil TFC i mbliana, tá sé tuartha go mbeidh níos mó ná 38,000 iarratas ar chead faighte in 2023. Táthar ag súil le méadú breise do 2024 agus beidh sé á thiomáint ag trí phríomhfachtóir;

- (i) athruithe suntasacha ar na liostaí gairme tar éis an Athbheithnithe seo,
- (ii) tús a chur le hearcaíocht san earnáil TFC (go háirithe ag cuideachtaí ilnáisiúnta), agus
- (iii) éileamh níos leithne ar cheadúnais ar fud na n-earnálacha go léir á dtiomáint ag ganntanas saothair reatha in Éirinn agus ar fud an LEE.

Tá sé tábhachtach an tionchar dearfach a bhíonn ag imircigh ar gheilleagar agus ar shochaí na hÉireann a aithint. Mar shampla, méadaíonn an imirce líon na ndaoine in aois oibre, rud atá ag éirí níos tábhachtaí i bhfianaise dhaonra na hÉireann atá ag dul in aois. Ina theannta sin, tugann oibríthe imirceacha scileanna agus taithí a bhfuil géarghá leo sa mhargadh saothair dian atá ann faoi láthair agus tacaíonn a rannpháirtíocht i róil ardoilte le taighde agus nuálaíocht a chuireann le rathúnas agus le hiomaíochas na hÉireann. Tugann imircigh éagsúlacht agus saibhreas cultúrtha freisin, rud a théann go mór chun leasa shoचाí na hÉireann.

Mar sin féin, chun na buntáistí a bhaineann le himirce eacnamaíoch a uasmhéadú tá sé rithabhachtach go nglacfaí le cur chuige comhtháite chun beartas a fhorbairt sa réimse seo. Níor cheart go mbreathnófaí riamh ar imirce eacnamaíoch mar shásra chun "saorsaothar" "saorsaothar" a fháil. Ina ionad sin, nuair a fhorbrófar agus a chuirfear i bhfeidhm ar bhealach straitéiseach, tras-rialtasach é beifear in ann tallann a allmhairiú chun tacú le fiontraíocht agus ag an am céanna a chinntiú go mbeidh rochtain ag imircigh ar na bloic thógála atá riachtanach chun lánpháirtiú rathúil i saol na hÉireann, eadhon cúram sláinte, cúram leanaí, oideachas, tithíocht agus iompar poiblí. Cinnteoidh an cur chuige seo freisin go gcuirfear cearta fostaíochta na n-imirceach chun cinn agus go gcosnófar na hoibríthe seo a d'fhéadfadh a bheith leochaileach ó dhrochúsáid nó ó dhúshaothrú.

Chuíge sin, tugadh aird sa phróiseas athbheithnithe ar an aeráid eacnamaíoch reatha, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag athruithe molta ar an margadh saothair, rátaí pá earnála, an ghéarchéim leanúnach tithíochta, géarchéim chostais mhaireachtála, srianta ar fud cúram sláinte, cúram leanaí agus seirbhísí poiblí eile, scéimeanna oiliúna agus printíseachta agus, ar ndóigh, oibríthe imirceacha. Tá sé tábhachtach a aibhsiú nár cheart ceadanna fostaíochta a úsáid ach mar réiteach gearrthéarmach chun tacú le fiontraíocht agus nár cheart brath orthu mar réiteach fadtéarmach chun dul i ngleic le ganntanais ainsealacha saothair nó scileanna. Mar sin féin, tá an Roinn ar an eolas faoi na coinníollacha eacnamaíocha atá i réim a chruthaigh staid fostaíochta beagnach lán, rud a chuir brú breise ar raon earnálacha seirbhísí a sholáthar agus gnólachtaí a reáchtáil agus a fhás.

3. Modheolaíocht

Is é cuspóir an athbhreithnithe seo breithniú a dhéanamh ar na rialacháin lena bhforordaítear na liostaí scileanna criticiúla agus gairmeacha neamh-incháilithe maidir le ganntanas agus barrachas gairmeacha sa Stát agus a chinneadh nuair is cuí coigeartuithe bunaithe ar fhianaise agus ar bharúlacha an GIR ar Bheartas Imirce Eacnamaíoch a bunaíodh chun an próiseas a mhaoirsiú.

Comhairliúchán Poiblí

Bhí próiseas comhairliúcháin poiblí ocht seachtaine ar siúl ón 26 Meitheamh go dtí an 18 Lúnasa 2023, inar iarradh aighneachtaí bunaithe ar fhianaise ó chomhlachtaí ionadaíocha, ó ranna rialtais, ó ghníomhaireachtaí, agus ó pháirtithe leasmhara eile. Bhí sé mar aidhm ag an gcleachtadh deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara breathnuithe sainearnála a mhíniú ina sonraítear fianaise ar ghanntanas nó barrachais scileanna agus/nó saothair. I measc na fianaise a chuir geallsealbhóirí isteach bhí: sonraí ar scileanna nó ganntanas saothair, iarrachtaí earcaíochta arna ndéanamh ag an earnáil, sonraí deacrachtaí coinneála sonracha, dreasachtaí oiliúna, tionchar ganntanas ar leathnú agus foinsí amhail suirbhéanna nó tuarascálacha tionscail.

Raon Feidhme

Áiríodh le raon feidhme an chomhairliúcháin poiblí gach earnáil den gheilleagar, agus gach cineál cead fostaíochta. Bhí tráchttaireacht ar bheartas imirce níos leithne na Roinne Dlí agus Cirt lasmuigh de scóip an chleachtaidh seo.

Scrúdú ar aighneachtaí

Rinneadh athbhreithniú agus catagóiriú ar aighneachtaí de réir earnála. Roinneadh na haighneachtaí ansin leis an bpríomhróinn Rialtais a bhfuil freagracht beartais uirthi as an earnáil sin. Iarradh ar na príomhranna na hiarratais a bhreithniú agus a dtuairimí a thabhairt. Roinneadh aighneachtaí, agus tuairimí na roinne tosaigh le baill fhoghrúpa an GIR.

D'fhonn cruinnithe an fhoghrúpa agus an GIR a éascú, rinne an Roinn anailís ar aighneachtaí:

- i. iarratais ar choigeartú,
- ii. na slite beatha atá á mbreithniú san aighneacht,
- iii. an fhianaise earnáil-shonrach a cuireadh ar fáil,
- iv. an tionchar ar an tionscal,
- v. Breathnuithe roinne a threorú

Bhí an anailís sin mar bhunús leis an bplé ag foghrúpa an GIR agus chuir sí leis na cinntí a rinneadh ag cruinniú iomlán an GIR.

Bailíochtú

Mar gheall ar an líon suntasach gairmeacha beatha a aithníodh sna haighneachtaí a fuarthas, cuireadh próiseas i bhfeidhm chun na hiarratais a scagadh. Chinntigh an próiseas seo bainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil ar an bpróiseas iomlán.

Measadh go raibh iarratais “**bailí**” sa chás go raibh siad laistigh de scóip an athbhreithnithe. Áiríodh le hiarratais bhailí iarratais ar:

- Slite Beatha le baint den liosta Slite Beatha Neamh-Incháilithe (LSBNI)
- Slite Beatha le cur leis an Liosta Slite Beatha Scileanna Criticiúla (LSBSC).

Measadh go raibh iarratais “**neamhbhailí**” i gcás inar iarradh athruithe atá i bhfeidhm cheana féin e.g. féachaint le ról a chur leis an LSBSC atá ar an LSBSC cheana féin. Measadh freisin go raibh iarratais “neamhbhailí” sa chás nach raibh iarratas sonrath ar athrú san aighneacht, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Sa chás gur “fanacht mar atá” an t-aon iarratas a bhain go sonrath le ról, coinníodh an ról sin ina chatagóir reatha.
- Iarratais a lorgáinn slí bheatha a chur leis an LSBSC nach raibh incháilithe do chineál eile ceada riamh.

Foghrúpa GIR

Tionóladh foghrúpa an GIR an 12 Deireadh Fómhair chun labhairt faoi thosaíochtaí beartais na sainchúraimí, agus chun liosta na ról a thabhairt chun críche le breithniú ag príomhchruinniú an GIR.

Chlúdaigh ballraíocht an fhoghrúpa ranna polasaí agus gníomhaireachtaí a bhfuil freagracht orthu as clár oibre níos leithne fostaíochta agus scileanna an Stáit. Ar an bhfoghrúpa bhí Aonad Beartais Imirce Eacnamaíoch de chuid RFTF agus Aonad Scileanna an Mhargaidh Saothair, chomh maith le SOLAS, agus ionadaithe ón RCS. Chuir an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta faisnéisiú ar fáil don fhoghrúpa maidir le clár oiliúna agus printíseachta atá ar fáil faoi láthair nó atá á bhforbairt le haghaidh earnálacha ar leith.

Cruinniú Beartais an Ghrúpa Idir-Rannach um Imirce Eacnamaíoch

Bhí cruinniú an GIR ar siúl an 26 Deireadh Fómhair 2023. Tionóladh an GIR chun tuairimí a éisteacht ar aighneachtaí ó ranna ceannais, agus chun liosta na moltaí deiridh atá sa tuarascáil seo a aontú. D'fhreastail gach roinn beartais ábhartha ar an GIR (féach larscríbhinn).

Tuarascáil Deiridh

Ullmhaíodh an tuarascáil deiridh seo agus mhol sí roinnt moltaí lena mbreithniú ag an Aire.

Taighde agus Fianaise

Baineadh úsáid as Feasachán Scileanna Náisiúnta SOLAS³ mar phríomhfhoinsé faisnéise mar chuid den phróiseas foghrúpa agus GIR. Cuireadh príomhphointí an fheasacháin i láthair, agus chuathas i gcomhairle le SOLAS le linn an phróisis bhreithnithe. Chuir Aonad Margaidh Saothair agus Scileanna (AMSS) RFTF mionteagasc ar fáil ar phríomhthorthaí an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Toghcháin maidir le hearnálacha sonracha. Sholáthair an AMSS tuairimí agus ionchur freisin maidir le haighneachtaí sonracha, bunaithe ar a saineolas, agus sonraí a fuarthas ó Thuarascáil an Údarás Eorpach um Ganntanas Saothair 2022⁴. Aithnítear sa tuarascáil seo na ganntanais saothair is coitianta agus is déine mar aon le barrachais saothair san Eoraip agus scrúdaítear príomhchúiseanna na dtreochtaí sin.

Tá ról lárnach ag an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) maidir le rochtain ar an margadh saothair a sholáthar do thrasghearradh leathan den tsochaí. D'fhreastail oifigigh ón Roinn sin ar an bhfoghrúpa agus ar an bpríomhchruinniú GIR chun faisnéis a sholáthar maidir leis an gceangal idir iarratais áirithe agus a dtionchar ar ghníomhachtú saothair (i.e., cabhrú le daoine a thagann ón mBeochlár agus ar ais i bhfostaíocht), agus scéimeanna fostaíochta pobail. Chuathas i gcomhairle le Rannóg Caidrimh le Fostóirí na Roinne Coimirce Sóisialaí freisin chun ailíniú a chinntiú leis an mbeartas atá sonraithe i Straitéis Náisiúnta na Seirbhísí Fostaíochta Conairí chun Oibre 2021-2025⁵.

³ <https://www.solas.ie/f/70398/x/940b9df162/national-skills-bulletin-2023.pdf>

⁴ [Tuarascáil ar ghanntanas saothair 2022 - EURES | Údarás Saothair Eorpach \(europa.eu\)](https://www.eures.europa.eu/eures/en/publication/1feaf-pathways-to-work-2021/)

⁵ <https://www.gov.ie/en/publication/1feaf-pathways-to-work-2021/>

4. Moltaí na Tuarascála

Soláthraíonn an tuarascáil seo roinnt moltaí a cuireadh isteach le faomhadh an Aire bunaithe ar scrúdú na n-aighneachtaí a fuarthas, léargais agus fianaise na saineolaithe, tuairimí na Roinne, agus pléití an GIR ar Bheartas Imirce Eacnamaíoch. Cuireann an páipéar seo san áireamh an timpeallacht eacnamaíoch reatha, agus na coinníollacha atá i réim sa mhargadh saothair. Is é cuspóir na moltaí seo cur chuige lán-Rialtais, comhtháite a chur chun cinn chun beartas freagrúil imirce eacnamaíoch a thiomáint agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanas saothair agus scileanna de réir mar a thagann siad chun cinn.

4.2 Achoimre ar Choigeartuithe Molta ar na Liostaí Slite Beatha

4.2.1 (a) Slite Beatha a Chur leis an LSBSC

Go hachomair, measadh go raibh na scileanna do na ról atá sonraithe sa tábla thíos i soláthar ríthábhachtach ar fud an domhain agus go raibh siad ríthábhachtach don gheilleagar náisiúnta.

Aicmiú Caighdeánach Gairme (ACG)	Slí Beatha
1213	Foraoiseoir Gairmiúla
1213	Samhaltú acmhainní, breathnóireacht talún agus anailísí sonraí
2113	Meitéareolaí
2113	Réamhaisnéiseoir Oibriúcháin
2127	Innealtóir Ceimiceach
2129	Innealtóir Tionscadail
2133	Bainisteoir SFF
2214	Optaiméadraí (Radharceolaí Oftalmach)
2436	Bainisteoir Tráchtála
3122	Comhordaitheoir/Teicneoir SFF
3531	Meastóir

4.2.1 (b) Bain slí bheatha den LSBNI gan srianta cuóta

Measadh go raibh na ról a shonraítear sa tábla thíos mar ról chuí le baint den IOL agus le bheith incháilithe do chead fostaíochta, gan srian breise ar chuóta.

Bain slí bheatha den LSBNI gan srianta Cuóta	
2229	Teiripeoir Súgartha - i Seirbhísí Míchumais
3219	Comhairleoir Géiniteach
3231	Oibrithe Tacaíochta Teaghlaigh - i Seirbhísí Míchumais
3239	Oifigeach Tionscadail, Míchumas
3563	Teagascóir Soghluaisteachta Madra Treorach do Dhaoine Lagamhairc
3563	Teagascóir Madra Cuidithe Uathachais
5241	Conraitheoir leictreach

5241 Innealtóir leictreach

5241 Leictreoir

4.2.2 Moltaí le haghaidh athruithe faoi réir critéar breise - Cuótaí

Rialaíonn reachtaíocht ceadanna fostaíochta éileamh agus tionchar ar earnálacha trí chritéir éagsúla lena n-áirítear tairseacha íosta luach saothair, liostaí gairmeacha ardoilte agus neamh-incháilithe agus cuótaí.

Trasnaíonn roinnt réimsí beartais an t-ábhar a bhaineann le dul i ngleic le ganntanas scileanna agus saothair agus le blianta beaga anuas tá RFTF ag baint úsáide as an gcóras ceadanna fostaíochta chun freagairt chomhtháite a chur chun cinn maidir le dul i ngleic le nádúr ilghnéitheach na nganntanas sin agus lena chinntiú go bhfuil píblíne intíre bunaithe ann chun folúntais a líonadh amach anseo. Bhain RFTF é seo amach trí chuótaí a chur i bhfeidhm nuair a baineadh ról le scileanna ísle den LSBNI.

4.2.2 (a) Gairm bheatha a bhaint den LSBNI faoi réir chuóta leibhéal a haon (>50) chun tionscail bheaga intíre a éascú agus a chosaint

Measadh go raibh na ról a shonraítear sa tábla thíos ina ról oiriúnacha le baint den LSBNI agus iad a dhéanamh incháilithe do chead fostaíochta faoi réir cuótaí, i bhfianaise na héifeachta féideartha ar an earnáil agus an tionchar a bhaineann leis an margadh saothair.

Bain Slí Bheatha den LSBNI faoi réir chuóta leibhéal a haon (50)

5211 Gaibhneoirí agus oibrithe gaibhnithe

5212 Múnlóirí, déantóirí croithe agus múnlóirí díslé

5214 Oibrithe pláta miotail agus seamadóirí

5232 Tógálaithe agus deisitheoirí creatlacha feithiclí / Buailteoirí Painéil Ionad Déanta Cabhlacha

5234 Teicneoirí Péinteáil Feithicle

5412 Oibrithe Cumhdaitheoireachta agus Troscáin

5414 Táilliúirí agus Gúnadóirí

5442 Déantóirí troscán agus oibrithe adhmaid ceardaíochta eile

8113 Oibrithe Próisis Teicstíle

8121 Oibrithe Meaisín Adhmaid

8129 Eangaitheoir Sáibh

8131 Atochrasóir Armatúir

4.2.2 (b) Bain slí bheatha den LSBNI faoi réir chuóta leibhéal a dó (100 - 250)

Measadh go raibh na ról a shonraítear sa tábla thíos ina ról oiriúnacha le baint den LSBNI agus iad a dhéanamh incháilithe do chead fostaíochta faoi réir cuótaí, i bhfianaise na héifeachta féideartha ar an earnáil agus an tionchar a bhaineann leis an margadh saothair.

Bain slí bheatha den LSBNI faoi réir chuóta leibhéal a dó (100 - 250)

1242 Bainisteoirí Lá Cónaithe & Cásanna Baile - i Seirbhísí Míchumais

3239 Oibrí Tacaíochta

6146 Oibrithe Sinsearacha Cúraim - i Seirbhísí Míchumais

5250 Maoirseoirí ceirdeanna miotail, leictreacha agus leictreonacha oilte

4.2.2 (c) Bain slí bheatha den LSBNI faoi réir cuóta (250)

Measadh go raibh na róil a shonraítear sa tábla thíos ina róil oiriúnacha le baint den LSBNI agus le bheith incháilithe do chead fostaíochta faoi réir cuóta mór, i bhfianaise an tionchair fhéideartha theoranta ar an earnáil agus an tionchar gaolmhar ar an margadh saothair.

Bain slí bheatha den LSBNI faoi réir chuóta leibhéal a trí (250)

5111	Bainisteoirí Muc
9111	Cúntóirí Feirme Muc
5432	Báicéir
9112	Oibrithe Foraoiseachta / Teicneoir Buainteoireachta Speisialtachta
5231	Meicneoir gluaisteán, Meicneoir mótaí, Leictreoir carranna, Teicneoir mótarfheithiclí
5231	Meicneoir HGV/Bus

4.3 Athbheithniú ar Chuótaí Reatha agus Ídithe

Tugann an tábla thíos mionsonraí maidir leis na síntí molta ar chuótaí reatha a tháinig as aighneachtaí fianaise-bhunaithe a fuarthas le linn an chomhairliúcháin phoiblí.

Síneadh ar chuótaí atá bunaithe faoi láthair	Cuóta Molta
5431 Búistéir/ Díchnámhadóir (feoil)	350
9111 Cúntóir Feirme Déiríochta	350
9119 Oibrí Gairneoireachta	1,000
8111 Oibrí Próiseála Feola	1,000
5231 Tástálaí Ródacmhainneachta Feithicle	200

4.4 Athbheithniú ar Thairseacha Íosta Luach Saothair

Tá na tairseacha íosta luach saothair bliantúla (LSB) do cheadanna fostaíochta as dáta, toisc nár choinnigh siad suas le harduithe pá agus boilsciú sna naoi mbliana ó socraíodh iad in 2014. Ag an am sin socraíodh an LSB ag beagán níos mó ná an meánphá tionsclaíoch. Don tréimhse chéanna, ríomh an Phríomh-Oifig Staidrimh ioncam bliantúil meánach ag €27,570. Mar sin, bhí an tairseach 9% os cionn an ioncain airmheánaigh. Ina theannta sin, leis an méadú ar an bPá Íosta Náisiúnta (PÍN) go €25,756 (bunaithe ar €12.70 in aghaidh na huairé thar sheachtain 39 uair) i mí Eanáir 2024, sárófar na tairseacha LSB reatha.

1. Tá sé beartaithe na tairseacha ioncain do CFG (Cheadanna Fostaíochta Ginearálta) a mhéadú chun rioscaí a bhaineann leis na tairseacha seo atá as dáta a mhaolú, amhail pá baile a shochtadh, mí-úsáid chearta fostaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann agus a chinntiú go bhfuil an acmhainn ag imircigh maireachtáil gan leas suntasach a bhaint as cosaint shóisialta (e.g., Íocaíocht Teaghlach Oibre). Tá sé beartaithe freisin deireadh a

chur le soláthar ceadanna fostaíochta d'earnálacha áirithe (agraibhia, cúram sláinte) ar rátaí atá faoi bhun thairseach an CFG. Ag cuimhneamh ar an difríocht shuntasach idir na tairseacha LSB atá ann faoi láthair agus tuilleamh airmheánach, moltar cur chuige céimnithe mar seo a leanas.

2. Méadófar gach ról CFG atá faoi réir tairseach LSB de €30,000 faoi láthair go dtí íosmhéid de €34,000 i mí Eanáir 2024.
3. Méadófar na ról seo a leanas freisin go dtí an LSB nua de €34,000 i mí Eanáir 2024:
 - a. Búistéir/Díchánhadóir
 - b. Mic léinn neamh-LEE – a bhain céim amach le 12 mhí anuas, ó institiúid tríú leibhéal Éireannach, agus ar tairgeadh post iarchéime dóibh ón Liosta Slite Beatha Scileanna Criticiúla
 - c. Mic léinn neamh-LEE – a bhain céim amach le 12 mhí anuas, ó institiúid tríú leibhéal thar lear, agus ar tairgeadh post iarchéime dóibh mar ghairmí TFC ón Liosta Slite Beatha Scileanna Criticiúla
 - d. Fostaíocht a éilíonn duine atá líofa i dteanga oifigiúil stáit nach Ballstát den LEE é, i gcás ina dtacaíonn gníomhaireacht forbartha fiontair leis an bhfostaíocht agus ina bhfuil an fhostaíocht:
 - i. ról seirbhíse do chustaiméirí agus díolacháin le heolas ábhartha ar tháirgí,
 - ii. ról speisialaithe margaíochta agus díolacháin dhigitigh ar líne, nó
 - iii. sainról tacaíochta teanga agus díolacháin theicniúil
4. Méadófar na tairseacha sin tuilleadh le go mbeidh siad mar bhonn eolais ag na sonraí is déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh ar mheántuilleamh ó Eanáir 2025. Mar shampla, ag baint úsáide as na sonraí is déanaí atá ar fáil ó dheireadh 2022 bheadh sé seo thart ar €39,000.
5. Méadófar an tairseach do ról oibrí próiseála feola agus oibrí gairneoireachta ó €22,916 (PÍN reatha) go €30,000 i mí Eanáir 2024, ina dhiaidh sin, ag méadú go €32,000 (Eanáir 2025) le méadú breise go €34,000 i mí Iúil 2025. Méadóidh sé ar aon dul le gach cineál eile CFG ó Eanáir 2026 ar aghaidh.
6. Méadófar na tairseacha do ról na gcúntóirí cúram sláinte (CCS) agus na n-oibríthe cúram baile ó €27,000 go €30,000 i mí Eanáir 2024 agus ardófar go €34,000 i mí Eanáir 2025. Méadóidh siad ar aon dul le gach cineál eile CFG in 2026.
7. Tá foráil sa Bhille um Cheadanna Fostaíochta 2022 a dhéanann innéacsú ar thairseacha luach saothair bliantúla don athrú bliantúil ar mheántuilleamh seachtainiúil arna ríomh ag an bPríomh-Oifig Staidrimh. Tá sé beartaithe go gcuirfear tús leis an bhforáil seo i mí Eanáir 2025.

Aithníonn na tairseacha nua tuarastail an méid luachmhar a chuireann imircigh eacnamaíocha leis an tír seo agus cinntíonn siad go bhfuil na hacmhainní acu chun saol réasúnta a dhéanamh dóibh féin agus dá dteaghlach. Mar sin féin, chun cearta sealbhóirí cead fostaíochta a chothromú le riachtanais ghnóthais chun ullmhú le haghaidh tionchair airgeadais na n-athruithe sin, tabharfar isteach na tairseacha méadaithe ar bhonn céimnithe. Tabharfaidh an cur chuige seo dóthain ama d'earnálacha, go háirithe na hearnálacha agraibhia agus cúram sláinte, chun na tairseacha ioncaim a bhaint amach atá ailínithe níos fearr le tuilleamh meánach agus le hardchostas maireachtála na hÉireann.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil na tairseacha LSB de chineálacha eile cead fostaíochta (Scileanna Criticiúla, Ioncuideachta, agus Conradh le haghaidh Seirbhísí) le coigeartú ar aon dul le tairseach CFG. Tá sé beartaithe iad a choigeartú mar atá leagtha amach sa treochlár thíos.

Treochlár maidir le Coigeartú Tairseacha Luach Saothair Íosta

GEP Thresholds	Date	Current Thresholds	Jan '24	Jan '25	July '25	Jan '26
	Meat Processing / Horticultural	€22,916 (Min Wage)	€30,000	€32,000	€34,000	€39,000
	Healthcare Assistant; Home Carer;	€27,000	€30,000	€34,000	€34,000	€39,000
	Graduate Positions; Language Skills Specialists	€27,000	€34,000	€39,000		
	Butcher/Boner	€27,500	€34,000	€39,000		
	GEP General Threshold	€30,000	€34,000	€39,000		
	CSEP with Degree	€32,000	€38,000	€44,000		
	CSEP without Degree	€64,000	no change	no change		
	Intra-Company Transfer (Trainee)	€30,000	€34,000	€39,000		
	Intra-Company Transfer; Contract for Services	€40,000	€46,000	€53,000		

Larscríbhinn 1 Achoimre ar Athruithe Molta ar na Liostaí Slite Beatha

ACG	Slí Beatha	Moladh
1213	Foraoiseoir Gairmiúla	Cuir le LSBSC
1213	Samhaltú acmhainní, breathnóireacht talún agus anailísí sonraí	Cuir le LSBSC
2113	Meitéareolaí	Cuir le LSBSC
2113	Réamhaisnéiseoir Oibriúcháin	Cuir le LSBSC
2127	Innealtóir Ceimiceach	Cuir le LSBSC
2129	Innealtóir Tionscadail	Cuir le LSBSC
2133	Bainisteoir SFF	Cuir le LSBSC
2214	Optaiméadraí (Radharceolaí Oftalmach)	Cuir le LSBSC
2436	Bainisteoir Tráchtála	Cuir le LSBSC
3122	Comhordaitheoir/Teicneoir SFF	Cuir le LSBSC
3531	Meastóir	Cuir le LSBSC

ACG	Slí Beatha	Moladh
1242	Bainisteoirí Lá Cónaithe agus Cásanna Baile - i Seirbhísí Míchumais	Bain ó LSBNI
2229	Teiripeoir Súgartha - i Seirbhísí Míchumais	Bain ó LSBNI
3219	Comhairleoir Géiniteach	Bain ó LSBNI
3219	Oibrí Cúraim Shóisialaigh	Bain ó LSBNI
3231	Oibríthe Tacaíochta Teaghlaigh - i Seirbhísí Míchumais	Bain ó LSBNI
3239	Oifigeach Tionscadail, Míchumas	Bain ó LSBNI
3239	Oibrí Tacaíochta (sóisialta, pobail, poiblí agus carthanachta)	Bain ó LSBNI
3563	Teagascóir Soghluaisteachta Madra Treorach do Dhaoine Lagamhairc	Bain ó LSBNI
3563	Teagascóir Madra Cuidithe Uathachais	Bain ó LSBNI
5111	Bainisteoirí Muc	Bain ó LSBNI
5211	Gaibhneoirí agus oibríthe gaibhnithe	Bain ó LSBNI
5212	Múnlóirí, déantóirí croithe agus múnlóirí díisle	Bain ó LSBNI
5214	Oibríthe pláta miotail agus seamadóirí	Bain ó LSBNI
5231	Leictreoir carranna, Meicneoir gluaisteán, Meicneoir (garáiste), Teicneoir mótarfeithiclí	Bain ó LSBNI
5231	Meicneoir HGV/bus	Bain ó LSBNI
5231	Tástálaí Ródacmhainneachta Feithicle	Bain ó LSBNI
5231	Teicneoir (mótarfeithicil)	Bain ó LSBNI
5232	Tógálaithe agus deisitheoirí creatlacha feithiclí / Buailteoirí Painéil Ionad Déanta Cabhlacha	Bain ó LSBNI
5241	Leictreoir, Conraitheoir Leictreach, Innealtóir Leictreach	Bain ó LSBNI
5234	Teicneoirí Péinteáil Feithicle	Bain ó LSBNI

5250	Maoirseoirí ceirdeanna miotail, leictreacha agus leictreonacha oilte	Bain ó LSBNI
5412	Oibrithe Cumhdaitheoireachta agus Troscáin	Bain ó LSBNI
5414	Táilliúirí agus Gúnadóirí	Bain ó LSBNI
5431	Búistéirí / Díchnámhadóir	Bain ó LSBNI
5432	Báicéir	Bain ó LSBNI
5442	Déantóirí troscán agus oibrithe adhmaid ceardaíochta eile	Bain ó LSBNI
6146	Oibrithe Sinsearacha Cúraim – i Seirbhísí Míchumais	Bain ó LSBNI
8113	Oibrithe Próisis Teicstíle	Bain ó LSBNI
8121	Oibrithe Meaisín Adhmaid	Bain ó LSBNI
8129	Eangaitheoir Sáibh / Meicneoir Meaisín Adhmaid	Bain ó LSBNI
8131	Atochrasóir Armatúir	Bain ó LSBNI
9111	Cúntóirí Feirme Muc	Bain ó LSBNI
9112	Oibrithe Foraoiseachta / Teicneoir Buainteoireachta Speisialtachta	Bain ó LSBNI

Iarscríbhinn 2 Cuóta Forálacha maidir le ról a bhaint de LSBNI

Bain slí bheatha den LSBNI gan srianta Cuóta		
2229	Teiripeoir Súgartha – i Seirbhísí Míchumais	
3219	Comhairleoir Géiniteach	
3231	Oibrithe Tacaíochta Teaghlaigh – i Seirbhísí Míchumais	
3239	Oifigeach Tionscadail, Míchumas	
3563	Teagascóir Soghluasteachta Madra Treorach do Dhaoine Lagamhairc	
3563	Teagascóir Madra Cuidithe Uathachais	
5241	Conraitheoir leictreach	
5241	Innealtóir leictreach	
5241	Leictreoir	
Bain slí bheatha den LSBNI faoi réir chuóta leibhéal a haon (50)		
5211	Gaibhneoirí agus oibrithe gaibhnithe	
5212	Múnlóirí, déantóirí croithe agus múnlóirí díslé	
5214	Oibrithe pláta miotail agus seamadóirí	
5232	Tógálaithe agus deisitheoirí creatlacha feithiclí / Buailteoirí Painéil Ionad Déanta Cabhlacha	
5234	Teicneoirí Péinteáil Feithicle	
5412	Oibrithe Cumhdaitheoireachta agus Troscáin	
5414	Táilliúirí agus Gúnadóirí	
5442	Déantóirí troscán agus oibrithe adhmaid ceardaíochta eile	
8113	Oibrithe Próisis Teicstíle	
8121	Oibrithe Meaisín Adhmaid	
8129	Eangaitheoir Sáibh	
8131	Atochrasóir Armatúir	
Bain slí bheatha den LSBNI faoi réir chuóta leibhéal a dó (100 – 250)		
1242	Bainisteoirí Lá Cónaithe agus Cásanna Baile – i Seirbhísí Míchumais	
3239	Oibrí Tacaíochta	
6146	Oibrithe Sinsearachta Cúraim - i Seirbhísí Míchumais	
5250	Maoirseoirí ceirdeanna miotail, leictreacha agus leictreonacha oilte	
Bain slí bheatha den LSBNI faoi réir chuóta leibhéal a trí (250)		
5111	Bainisteoirí Muc	
9111	Cúntóirí Feirme Muc	
5432	Báicéir	
9112	Oibrithe Foraoiseachta / Teicneoir Buainteoireachta Speisialtachta	
5231	Meicneoir gluaisteán, Meicneoir mótaí, Leictreoir carranna, Teicneoir mótarfheithiclí	
5231	Meicneoir HGV/bus	
Síneadh ar chuótaí atá bunaithe faoi láthair	Cuóta Molta	
5431	Búistéir/ Díchnámhadóir (feoil)	350

9111	Cúntóir Feirme Déiríochta	350
9119	Oibrí Gairneoireachta	1,000
8111	Oibrí Próiseála Feola	1,000
5231	Tástálaí Ródacmhainneachta Feithicle	200

Larscríbhinn 3 An Próiseas Athbheithnithe ar Cheadanna Fostaíochta

De réir ár n-oibleagáidí AE, déantar ár mbeartas imirce eacnamaíoch a chalabhrú chun freastal ar riachtanais ghinearálta saothair agus scileanna laistigh d'fhórsa saothair an Aontais Eorpaigh (agus ó thíortha LEE eile) a spreagadh. Tá margadh saothair na hÉireann mar chuid de mhargadh saothair i bhfad níos mó de chuid an LEE a chuireann soláthar suntasach d'oibrithe oilte ar fáil. Mar sin féin, nuair a bhíonn sé deacair scileanna sonracha a aimsiú laistigh den Stát agus den LEE, cuireann an córas ceadanna fostaíochta bealach isteach i margadh saothair na hÉireann do náisiúnaigh neamh-LEE a bhfuil na scileanna sin acu a bhfuil éileamh orthu. Tá sé i gceist go bhfeidhmeodh an córas mar bhealach do na príomhscileanna a theastaíonn chun fiontraíocht a fhorbairt sa Stát ar mhaithe leis an ngeilleagar, agus ag an am céanna cothromaíocht an mhargaidh saothair a chosaint.

Tá córas liostaí i bhfeidhm le haghaidh gairmeacha ardoilte ar éileamh agus iad siúd a bhfuil foinsé saothair réidh ar fáil dóibh (slite beatha neamh-incháilithe), is iad sin an Liosta Slite Beatha Scileanna Criticiúla (LSBSC) agus an Liosta Slite Beatha Neamh-incháilithe (LSBNI). De réir mar a mhéadaíonn nó a laghdaítear an t-éileamh, déantar treoshuíomh na himirce eacnamaíoch a choigeartú dá réir trí athruithe a dhéanamh ar na liostaí slite beatha rithábachtacha agus neamh-incháilithe seo.

D'fhonn ábharthacht na liostaí seo do riachtanais an gheilleagair a choimeád, déantar athbheithniú fianaise-bhunaithe orthu lena mbaineann comhairliúchán poiblí, arna threorú ag taighde atá ar fáil a rinne an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí agus an tAonad um Scileanna agus Taighde Margadh Saothair (ASTMS) i SOLAS. Cuirtear san áireamh freisin aschuir oideachais, breisoiliúint earnála agus tionscnaimh oiliúna agus fachtóirí comhthéacsúla aitheanta agus a dtionchar ar mhargadh an tsaothair. Lorgaítear fianaise le linn an phróisis athbheithnithe a thaispeánann gur fíorghanntanais ar fud an LEE amháin is cúis le deacrachtaí earcaíochta agus ní de bharr fachtóirí eile cosúil le tuarastal agus/nó coinníollacha fostaíochta. Éilítear freisin ar earnálacha dul i ngleic go struchtúrach le seirbhís fostaíochta poiblí na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Ó cuireadh tús leo i mí Dheireadh Fómhair 2014, tá na Rialacháin um Chead Fostaíochta leasaithe go tréimhsiúil chun incháilitheacht na ngairmeacha beatha ar na liostaí a choigeartú, ag léiriú córas dinimiciúil um cheadanna fostaíochta atá ag freagairt do mhargadh saothair atá ag athrú de shíor.

Na Liostaí Slite Beatha

Is róil ghairmiúla iad na slite beatha atá liostaithe ar an LSBSC a éilíonn scileanna suntasacha a bhfuil éileamh ard orthu agus nach mbíonn ar fáil i gcónaí sa lucht saothair intíre. Tá gairmeacha ar an liosta seo incháilithe do Chead Fostaíochta Scileanna Criticiúla (CFSC) agus áirítear leo róil i réimsí mar leigheas, TFC, na heolaíochtaí, airgeadas agus gnó.

Is éard is gairmeacha neamh-incháilithe ann ná na cinn sin ina bhfuil fianaise ann go bhfuil níos mó ná a dhóthain oibrithe Éireannacha/LEE chun folúntais dá leithéid a líonadh. Is gnách go mbíonn slite beatha neamh-incháilithe ina ngairmeacha le scileanna níos ísle ar nós seirbhísí pearsanta agus oibrithe agus ní thugtar ceadanna fostaíochta do na gairmeacha seo.

Tá gach post eile sa mhargadh saothair, áit nach féidir le fostóir oibrí a aimsiú, incháilithe do chead fostaíochta. I gcás na ngairmeacha seo, ní mór don fhostóir Tástáil Riachtanas an

Mhargaidh Saothair (LMNT) a dhéanamh (i.e. an post a fhógairt ar feadh ceithre seachtaine in Éirinn agus ar fud an LEE) agus mura gcuireann iarrthóir oiriúnach isteach ar an bpost, tá cead ag an bhfostóir iarratas a dhéanamh le haghaidh cead fostaíochta. D'fhéadfadh scileanna de chineál níos ginearálta a bheith ag teastáil ó slite beatha mar seo agus tá siad incháilithe do Chead Fostaíochta Ginearálta (CFG).

Príomhchineálacha Cead Fostaíochta

I gcás ina gcuirtear rochtain ar cheadanna fostaíochta ar fáil do ghairm bheatha, beidh feidhm ag raon critéar arna bhunú faoin reachtaíocht um cheadanna fostaíochta maidir le hiarratais ag brath ar an gcineál ceada. Áiríonn siad seo tairseacha íosta luach saothair, cáilíochtaí náisiúnach neamh-LEE, na tascanna is gá chun ról agus tástáil a dhéanamh ar an margadh saothair áitiúil roimh iarratas.

As na naoi gcineál ceada atá ar fáil, tá an CFSC deartha chun daoine ardoilte a mhealladh isteach sa mhargadh saothair sna ról sin a aithníodh ar an LSBSC d'fhonn iad a spreagadh chun cónaí agus fostaíocht bhuan a ghlacadh sa Stát. I gcás inarb é €32,000 ar a laghad an luach saothair, ní mór don náisiúnach neamh-LEE céim ábhartha a bheith aige sa réimse, nó, i gcás inar mó an luach saothair atá á thairiscint ná €64,000, cuirtear taithí ábhartha san áireamh. Tá coinníollacha speisialta “mearbhealaigh” ag gabháil leis an gcineál seo ceada lena n-áirítear an incháilitheacht chun iarratas a dhéanamh chuig an Roinn Dlí agus Cirt ar chead inimirce lena gceadaítear do bhaill teaghlaigh dul in éineacht le sealbhóir an cheada láithreach; agus tar éis dhá bhliain chun iarratas a dhéanamh ar chead chun oibriú gan ceanglas maidir le cead fostaíochta.

Is é an Cead Fostaíochta Ginearálta (CFG) an príomhfheithicil a úsáideann an Stát chun náisiúnaigh tríú tíortha a mhealladh le haghaidh slite beatha inar féidir a léiriú, tar éis raon critéar a chur i bhfeidhm lena n-áirítear an Tástáil Acmhainne Riachtanas an Mhargaidh Shaothair (TARMS), nach raibh an fostóir in ann an post a líonadh ó mhargadh saothair na hÉireann agus an LEE agus nach bhfuil an ghairm mar chuid den LSBNI. Tá raon de thairseacha íosta luach saothair don chineál seo ceada suas go dtí €30,000. Tá an cineál ceada seo in-athnuaite agus tar éis cúig bliana féadfaidh an t-iarratasóir iarratas a dhéanamh chuig an Roinn Dlí agus Cirt ar chead cónaitheachta fadtéarmach.

Iarscríbhinn 4 Aighnitheoirí Comhairliúcháin Phoiblí

Aighneachtaí a fuarthas ó		
(i) Coral Berry Ltd (ii) SoundAdvice Consultancy	Cónaidhm na Soláthraithe Luath-Óige ISME	Mayas Retail Ltd.
(i) Eagraíocht Táirgeoirí na hÉireann (ii) Eagraíocht Iascairí na gCealla Beaga (iii) Eagraíocht Táirgeoirí Éisc Theas agus Thoir na hÉireann (iv) Eagraíocht Táirgeoirí Éisc Theas agus Thiar na hÉireann (v) Eagraíocht Acmhainní Mara Oileáin na hÉireann	Seirbhísí Airgeadais Éireann (FSI)	Bácús McCloskey
Earcaíocht Áth Dara	FODO (Cumann Soláthróirí Cúraim Súl na hÉireann)	Met Éireann, Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht
AHEAD	Bia Deoch Éireann (Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, IBEC)	Altraí Imirceacha Éireann
Radharceolaithe Aidan Walsh	Frank Keane BMW	MII
Amazon Éire	Cumann Iompair Lasta na hÉireann (FTAI)	MJ Quinn ULC
Apple	Gaetec Utilities	Musgrave
Argent Equipment	Gleann Bheatha	Coláiste Náisiúnta na hÉireann (NCI)

Arrow Group	Comhairleoirí Gairmiúla Domhanda	Cónaidhm Náisiúnta na Soláthraithe Seirbhíse Deonacha
Cumann Optaiméadraithe na hÉireann T/M Optometry Ireland	Seirbhísí Foirne Eangaí	Nugent ETS Ltd T/A Euro Tachograph Solutions Ltd (c/o Pinnacle Public Affairs)
Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Luain	H & MV Engineering	Overseas Healthcare & Home Care's In Ireland
Ballinlough Refrigeration	Cónaidhm Thionscal na Gruaige agus na hÁilleachta (CTGA)	PLÉ Éire
Benetel	Rásaíocht Capall Éireann (RCI)	Powerteam Electrical Services Ltd ag trádáil mar Omexom Ireland
Bus Éireann	Iarnród Éireann Irish Rail	RGDATA
Cúram Céile	ICTU	An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA)
Chambers Ireland	Dobharshaothrú Cumann Reirmeoirí na hÉireann	Rockwood (Harris Group)
Seirbhísí Leanaí Éireann IBEC	Irish Aerial Creation Centre	Safara Ltd T/A Sheppard Opticians
Circet	Cumann Báicéirí na hÉireann (IBA)	Allmhaireoirí Feithicle Setanta
Comhairle Turasóireachta agus Iompair Chóiste na hÉireann (CTTC)	Cumann Fiaclóireachta na hÉireann	SIMI

Coillte	Cumann Onnmhaireoirí na hÉireann	SIPTU
Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta	Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA)	SIRO
Coiste Comhairleach Chomhlachtaí Cuntasaíochta na hÉireann (CCAB-I)	Cumann Madraí Daill na hÉireann	Specsavers
Comhlachas Chontae Chill Dara	Cónaidhm na nÓstán Éireannach	Ospidéal San Séamas
Crewit Resourcing	Institiúid Pleanála na hÉireann	Fuarthas aighneachtaí freisin ó dhaoine aonair príobháideacha
DAA	Cumann Tarlaithe Bóthair na hÉireann	Suir Engineering Ltd
Dawn Meats	Cónaidhm Thionscal Turasóireachta na hÉireann (ITIC)	Sun Source Natural Foods (c/o Immigration & Visa Services Ireland Ltd.)
RLCMLÓ	Cumann Thionscal na mBonn na hÉireann (ITIA)	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI)
Deloitte	Cumann Ollscoile na hÉireann	Tech and Inclusion Advocates Ireland
Bus Átha Cliath	JJ Burke Car Sales	Teicneolaíocht Éireann (IBEC)
Comhlachais Bhaile Átha Cliath	Joe Barbers	The Zip Yard Franchising Ltd
Dublin Simon Community	KDM Hire	Bácús Thunders
Energoinvest Reach Active Ltd	Keelings	TLI Group
ERF (Cónaidhm Fostaíochta & Earcaíochta)	Kirby Group Engineering	We Are Chefs Ltd

Ernst & Young (EY)	KTL	Westward Scania
ERS Group Ltd.	Comhaontas Aireagail Laoise	Whole Village Hiring
Cumann Trádálaithe Innealra agus Tarracóirí Feirme (FTMTA)	Licensed Vintners Association	

Iarscríbhinn 5 Ballraíocht GIR

Baill GIR 26 Deireadh Fómhair 2023

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Beartas Imirce Eacnamaíoch (RFTF)

Emily De Grae (Chair)
Dermot Mulligan
Jamie Kennedy
Miriam Tracey
Garth Clerkin
John Wheatley
Bryan Walsh

An tAonad um Scileanna Margaidh Saothair (RFTF)

Marcus Breathnach
Linda Kane
Harry Williamson

SOLAS

Joan McNaboe

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Fiona Ward
Eimear Hayes
Anne Keeley

An Roinn Dí agus Cirt

Andrew Jones
Jensen Byrne
Barbara McKelvey
Kevin Kavanagh

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreacht

Eoin Corrigan

An Roinn Sláinte

Evelyn Hickey,
Jennifer Greene
Grace Tansey

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Michael Thornhill

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

John Finnegan

An Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara

Charlie Brophy

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

Michelle O Mahony

An Roinn Iompair

Liam Hawkes

Baill Fhoghrúpa GIR

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Beartas Imirce Eacnamaíoch (RFTF)

Emily De Grae (Chair)
Jamie Kennedy
Miriam Tracey
Garth Clerkin
John Wheatley
Bryan Walsh

SOLAS

Joan McNaboe

An tAonad um Scileanna Margaidh Saothair (RFTF)

Marcus Breathnach
Linda Kane
Harry Williamson
Linda Kane
Harry Williamson

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Fiona Ward
Eimear Hayes
Anne Keeley